C/2024/7384

4.12.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11791 – HIG CAPITAL / THOMA BRAVO / CERTAIN COMPTIA ASSETS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/7384)

1. An 27 Samhain 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— H.I.G. Advantage Buyout Fund II, L.P. (na Stáit Aontaithe), faoi rialú H.I.G. Advantage Advisors II, L.L.C., ciste infheistíochta atá á bhainistiú ag H.I.G. Capital, L.L.C. ('H.I.G. Capital', na Stáit Aontaithe),

— Thoma Bravo Discover Fund IV, L.P. (na Stáit Aontaithe), faoi rialú Thoma Bravo UGP, L.L.C., ciste infheistíochta atá á bhainistiú ag Thoma Bravo, L.P. ('Thoma Bravo', na Stáit Aontaithe),

— Fochuideachtaí agus sócmhainní Computing Technology Industry Association, Inc. ('CompTIA', na Stáit Aontaithe) atá mar chuid dá dheimhnithe TF chomh maith lena ábhar oideachais agus a ghnólachtaí oiliúna (an 'Spriocghnólacht', na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh H.I.G. Capital agus Thoma Bravo comhrialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar an Spriocghnólacht ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta domhanda cothromais phríobháidigh agus sócmhainní malartacha é H.I.G. Capital, a dhéanann speisialtóireacht i bhfiachas agus caipiteal cothromais araon a sholáthar do chuideachtaí beaga agus meánmhéide,

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é Thoma Bravo atá dírithe ar earnálacha na mbogearraí agus na seirbhísí atá cumasaithe ag an teicneolaíocht,

— Is comhlachas trádála é CompTIA a chuireann faisnéis ar fáil maidir le raon leathan ábhar teicneolaíochta, lena n-áirítear an chibearshlándáil; oideachas, oiliúint, agus deimhniú an lucht saothair teicneolaíochta domhanda; teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn; reachtaíocht agus beartais a dhéanann difear don tionscal, chomh maith le sonraí, forbairt agus treochtaí a bhaineann leis an lucht saothair.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11791 – HIG CAPITAL / THOMA BRAVO / CERTAIN COMPTIA ASSETS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË